2024/3014

16.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3014 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Nollaig 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an bun-Rialachán), an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Samhain 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Europacable ('an gearánach') isteach an 3 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal cábla snáthoptaice an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Mar a leagtar amach in aithrisí (3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia ([3]) ('an Rialachán sealadach'), níor cuireadh allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Níor thug páirtí ar bith aon bharúil maidir leis an bpointe sin.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 14 Meitheamh 2024, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre. Fuarthas barúlacha ó ghrúpa MP Birla ('Grúpa Birla') ([4]).

(5) Tar éis nochtadh na hachoimre ar na dleachtanna atá beartaithe a luaitear in aithris (4), mhaígh Grúpa STL go raibh an doiciméad réamhnochta neamhiomlán toisc nár sholáthair an Coimisiún mínithe mionsonraithe maidir le diúltú do dhíothú an bhrabúis inghrúpa. Ag an gcéim sin de na himeachtaí, níor chuir an Coimisiún san áireamh ach barúlacha a bhain le hearráidí cléireachais i ríomh na dumpála. Níor bhain an maíomh a rinne Ghrúpa STL le hearráid chléireachais den sórt sin. Thairis sin, sholáthair an Coimisiún mínithe mionsonraithe maidir leis an diúltú don mhaíomh a bhaineann le díothú an bhrabúis inghrúpa in aithris (74) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur soláthraíodh leis an doiciméad réamhnochta agus leis an nochtadh sealadach sraith iomlán faisnéise de réir an cheanglais in Airteagal 19a den bhun-Rialachán, rud a cheadaigh don chuideachta barúil a thabhairt maidir leis an nochtadh sealadach.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia (IO C, C/2023/891, 16.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/891/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1943 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia (IO L 2024/1943, 12.7.2024, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1943/oj).
([4]) Áirítear i ngrúpa MP Birla Birla Cable Ltd, Universal Cables Ltd ('UCL') agus Vindhya Telelinks Ltd ('VTL').

(6) An 12 Iúil 2024, leis an Rialachán sealadach, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia.

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(7) Tar éis nochtadh na bhfíoras agus na mbreithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a forchuireadh bearta frithdhumpála sealadacha ('nochtadh sealadach'), rinne an gearánach, chomh maith leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Birla, Ghrúpa STL ([5]), APAR, Aberdare Technologies Private Limited ('Aberdare') agus Finolex Cables Limited ('Finolex') agus Rialtas na hIndia aighneachtaí i scríbhinn inar cuireadh a dtuairimí in iúl laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(8) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí le Grúpa STL agus Grúpa Birla.

(9) Tar éis an nochta shealadaigh, lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(10) Mar a leagtar amach in aithris (81) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún imscrúdú breise ar dhíolacháin onnmhairiúcháin ghrúpa STL trína dhara cuideachta ghaolmhar chun an praghas onnmhairiúcháin ríofa a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(11) Chuige sin, de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar an láthair ar áitreabh Metallurgica Bresciana (in Dello na hIodáile) chun na sonraí a cuireadh isteach a fhíorú.

(12) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(13) Fuarthas barúlacha tar éis an nochta deiridh ó dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, is é sin, Grúpa Birla agus Grúpa STL.

(14) Tugadh deis éisteachta do na páirtithe a d'iarr an éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí le Grúpa Birla agus le Grúpa STL.

(15) Chuir an Coimisiún nochtadh breise ar fáil an 30 Deireadh Fómhair 2024 le haghaidh barúlacha a fuarthas ó Rialtas na hIndia tar éis an nochta shealadaigh agus nár tugadh aghaidh orthu sa nochtadh deiridh. Níor cuireadh aon bharúil bhreise isteach maidir leis an nochtadh breise.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(16) In éagmais barúlacha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe tar éis fhorchur na mbeart sealadach, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (7) go (39) den Rialachán sealadach.

1.6. **Sampláil**

(17) In éagmais barúlacha maidir le sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus táirgeoirí onnmhairiúcháin san India, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí agus a chonclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (40) go (46) den Rialachán sealadach.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(18) In éagmais barúlacha a bhaineann leis an tréimhse imscrúdúcháin agus leis an tréimhse faoi bhreathnú, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí mar a leagtar amach in aithris (50) den Rialachán sealadach.

([5]) Áirítear le Grúpa STL Sterlite Technologies Limited ('STL') agus Sterlite Tech Cables Solutions Limited ('STCS').

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(19) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh Europacable nach n-aontaíonn sé le maíomh tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia gur cheart snáithíní optúla 'nach bhfuil i dtruaillí ar leithligh' a eisiamh ó raon feidhme an táirge. Tharraing sé aird an Choimisiúin ar an riosca go ndéanfaí allmhairí a dhearbhú faoin gcód AC mícheart agus d'iarr sé ar an gCoimisiún údaráis chustaim an Aontais a chur ar an eolas faoi riosca féideartha den sórt sin. Thug an Coimisiún dá aire an nóta tráchta sin.

(20) In éagmais aon bharúil eile maidir leis an táirge faoi imscrúdú, an táirge lena mbaineann, an táirge comhchosúil agus an raon táirgí, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (51) go (61) den Rialachán sealadach.

3. DUMPÁIL

(21) Tar éis an nochta shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ó údaráis na hIndia, ó dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin shampláilte (Grúpa Birla agus Grúpa STL), ó thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte agus ón ngearánach.

3.1. An Gnáthluach

(22) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Grúpa Birla ceithre bharúil isteach maidir le ríomh an ghnáthluacha, go háirithe maidir le heilimintí áirithe atá ábhartha chun na costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') a bhaineann leis an táirge comhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin a shuí. Ghlac an Coimisiún le barúil amháin toisc gur cinneadh go raibh údar leis agus dhiúltaigh sé do na trí mhaíomh eile. Maidir leis na barúlacha ar diúltaíodh dóibh, thug an Coimisiún dá aire gur de chineál rúnda iad na barúlacha féin, chomh maith leis an anailís agus an réasúnaíocht faoi seach. Tugadh mínithe mionsonraithe do Ghrúpa Birla sa nochtadh sonrach amháin.

(23) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh Grúpa STL agus Rialtas na hIndia an maíomh a dtugtar tuairisc air in aithris (74) den Rialachán sealadach, is é sin nár cheart go gcumhdódh costas táirgthe cáblaí snáthoptaice an brabús a aistrítear idir páirtithe comhlachaithe nó idir rannáin ghnó a mhonaraíonn na táirgí leathchríochnaithe (amhail gloine réamhfhoirmithe agus/nó snáithíní optúla) a úsáidtear i dtáirgeadh cáblaí snáthoptaice. Mar sin féin, níor thug Grúpa STL ná Rialtas na hIndia aon ghné nua nach raibh ann tráth na cuairte fíorúcháin. Dá bhrí sin, sheas an Coimisiún lena conclúidí sealadacha agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(24) Tar éis an nochta deiridh, rinne Grúpa Birla dhá bharúil maidir le ríomh an ghnáthluacha, go sonrach an chaoi a láimhseáiltear costais airgeadais áirithe agus foinse chostais SGA agus brabús agus an gnáthluach á ríomh. Dhiúltaigh an Coimisiún don dá mhaíomh sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur de chineál rúnda iad na barúlacha féin, chomh maith leis an anailís agus an réasúnaíocht faoi seach. Tugadh mínithe mionsonraithe do Ghrúpa Birla.

(25) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh an Grúpa STL a mhaíomh gur cheart don Choimisiún díothú brabúis na rannán idirghnó a chur san áireamh de réir thaifid chuntasaíochta na gcuideachtaí, i.e. GAAP Indiach agus IFRS. Thairis sin, mhaígh an Grúpa STL nach costais iad na brabúis a dhíothaítear idir cuideachtaí a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála agus Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Mhaígh Grúpa STL freisin nár mhínigh an Coimisiún cén fáth ar bhain sé úsáid as tacar sonraí na rannán gnó seachas as ráitis airgeadais chomhdhlúite an dá chuideachta atá mar chuid de Ghrúpa STL. Ar deireadh, mhaígh an Grúpa STL nár bhreithnigh an Coimisiún an fhianaise uile a bhí ar fáil maidir le leithdháileadh ceart costas i gcomhréir le hAirteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála agus le hAirteagal 2(5) den bhun-Rialachán trí na ráitis chomhdhlúite a dhíbhe.

(26) Chun an corrlach dumpála a ríomh, suitear na costais táirgthe de réir cineálacha táirgí, i.e. na huimhreacha rialaithe táirgí, mar aon le méideanna dumpála a úsáidtear ansin chun na corrlaigh dumpála a ríomh. I dtaifid chuntasaíochta inmheánacha na gcuideachtaí (STL agus STCS), déantar taifead orthu ar leibhéal 'uimhir an ábhair' is féidir a nascadh leis an uimhir rialaithe táirgí a bhunaítear san imscrúdú seo. Níor ceadaíodh le ráitis chomhdhlúite na gcuideachtaí an costas táirgthe in aghaidh na huimhreach rialaithe táirgí a shuí agus dá bhrí sin níorbh fhéidir iad a úsáid.

(27) Thairis sin, mar a luaitear in aithris (74) den Rialachán sealadach, d'úsáid an Coimisiún na costais táirgthe mar a rinne na cuideachtaí iad a chur in áirithe agus a thuairisciú ina gcóras cuntasaíochta agus mar a d'fhíoraigh an Coimisiún iad. Na costais sin a cuireadh in áirithe sna rannáin ghnó, léirigh siad i gceart na costais i ndáil leis na táirgí leathchríochnaithe a úsáideadh chun cáblaí snáthoptaice a tháirgeadh. Le linn na cuairte fíorúcháin, d'iarr an Coimisiún ar na cuideachtaí mínithe mionsonraithe a thabhairt maidir leis an mbrabús a aistríodh idir rannáin ghnó. Thug an Coimisiún dá aire gur sholáthair Grúpa STL meastacháin éagsúla ar bhrabúis bharúlacha na rannán gnó, gan aon fhianaise fholuiteach a sholáthar, gan nasc a bhunú idir an brabús comhdhlúite (arna ríomh bunaithe ar dhíothú brabúis na rannán idirghnó) agus costas táirgthe cáblaí snáthoptaice ar leibhéal uimhir an ábhair.

(28) Thairis sin, maidir leis an maíomh nár bhreithnigh an Coimisiún an fhianaise uile a bhí ar fáil maidir le leithdháileadh ceart costas, thug an Coimisiún dá aire nach dtugtar aghaidh ar an gcaoi a láimhseáiltear brabúis idir cuideachtaí in Airteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála agus in Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Leagtar amach sna hairteagail sin nach mór costais a ríomh de ghnáth ar bhonn taifid arna gcoinneáil ag an bpáirtí atá faoi imscrúdú. Níl an tsaincheist sin i gceist san imscrúdú reatha toisc gur chinn an Coimisiún costais cháblaí snáthoptaice na gcuideachtaí bunaithe ar a dtaifid. Thairis sin, déantar foráil sna hairteagail sin maidir leis an modheolaíocht atá le húsáid nuair nach léiríonn taifid na cuideachta go réasúnta na costais a bhaineann leis an táirge agus díolacháin an táirge faoi imscrúdú, agus go sonrach, i gcás nach mbeadh aon mhodh iomchuí ar fáil, nach mór tús áite a thabhairt do leithdháileadh na gcostas ar bhonn láimhdeachais. Arís, níl an tsaincheist sin i mbaol san imscrúdú reatha toisc gur chuir an chuideachta na costais a bhaineann leis an táirge lena mbaineann in áirithe de réir an rannáin ghnó agus dá bhrí sin ní raibh gá le haon leithdháileadh costas. Ar deireadh, déantar foráil sna hairteagail sin maidir le cóireáil costas le linn céim thionscnaimh, rud nach bhfuil i gceist sa chás reatha.

(29) Mheas an Coimisiún go ndearnadh measúnú cuí ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil agus gur úsáideadh í chun an gnáthluach a shuí. Fuarthas amach go raibh an fhianaise iontaofa agus iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(30) Laistigh de Ghrúpa STL, fuair cuideachta chomhlachaithe amháin (STL) ríchíosanna agus táillí ceanncheathrún ó chuideachta chomhlachaithe eile laistigh den ghrúpa céanna (STCS). Ag an gcéim shealadach, na hioncaim a fuarthas ó na ríchíosanna agus táillí ceanncheathrún a d'íoc STCS, níor chuir an Coimisiún san áireamh iad agus costais díolacháin cáblaí snáthoptaice STL á ríomh. Na speansais arna dtabhú ag STCS maidir le híocaíocht na ríchíosanna sin agus táillí ceanncheathrún, mhaígh Grúpa STL agus Rialtas na hIndia gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt orthu freisin agus costais SGA STCS á ríomh, chun go mbeadh an cur chuige comhleanúnach.

(31) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Is léir gur bhain na ríchíosanna agus na táillí ceanncheathrún a íocadh le táirgeadh nó díol cáblaí snáthoptaice agus, dá bhrí sin, ní mór na speansais sin a áireamh i méid iomlán na gcostas SGA a bhaineann le díolacháin cáblaí snáthoptaice. I gcás STL, meastar gur ioncam iad na ríchíosanna agus na táillí ceanncheathrún a d'íoc STCS. Go háirithe, an t-ioncam a fuarthas ó dhíolachán na ríchíosanna, ní bhaineann sé i ndáiríre le 'táirgeadh agus díolacháin, […], an táirge chomhchosúil ag an onnmhaireoir nó ag an táirgeoir faoi imscrúdú' de réir bhrí Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán. Is é sin le rá, na hioncaim ó chearta maoine intleachtúla, ní bhaineann siad, i ndáiríre, 'le táirgeadh agus díol an táirge shonraigh faoi bhreathnú' de réir bhrí na Cúirte Ginearálta ina breithiúnas maidir le *Sveza* ([6]). Baineann an t-ioncam sin go bunúsach le gníomhaíochtaí coimhdeacha ó thaobh an imeachta seo de. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(32) Tar éis an nochta deiridh, líomhain Grúpa STL gur chuir an Coimisiún caighdeáin dhúbailte i bhfeidhm trí na ríchíosanna agus na táillí ceanncheathrún a d'íoc STCS a láimhseáil mar chostas agus dá bhrí sin chuir sé na costais sin san áireamh i ríomh na gcostas SGA le haghaidh STCS, agus d'eisiaigh sé an t-ioncam comhfhreagrach le haghaidh STL i ríomh na gcostas SGA le haghaidh STL. D'athdhearbhaigh Grúpa STL, i gcás an dá chuideachta, gur cheart na speansais agus na hioncaim ó ríchíosanna agus ó tháillí ceanncheathrún a eisiamh nó a áireamh i ríomh chostais SGA na gcuideachtaí sin.

([6]) Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, Cás T-2/22, Sveza Verkhnyaya Sinyachikha NAO vs An Coimisiún Eorpach, ECLI:EU:T:2024:615, míreanna 124-144.

(33) Soiléiríonn an Coimisiún go n-áirítear na speansais a bhaineann le díolachán na dtáirgí a mhonaraíonn cuideachta agus na speansais riaracháin i ríomh chostais SGA cuideachta. Mar sin féin, is ioncaim iad na hioncaim a fhaightear ó dhíol táirgí nó seirbhísí agus de réir an tsainmhínithe ní costais SGA iad. Dá bhrí sin, chun costais SGA le haghaidh STCS a ríomh, b'éigean don Choimisiún na speansais a íocadh i ndáil le ríchíosanna agus táillí ceanncheathrún le haghaidh cáblaí snáthoptaice a chur san áireamh toisc go raibh siad nasctha le díolachán cáblaí snáthoptaice. Ar an gcaoi chéanna, chun na costais SGA a ríomh le haghaidh STL, breithníodh speansais a bhaineann le díolacháin cáblaí snáthoptaice agus ní raibh aon bhunús fíorasach ann chun ioncaim ó dhíol ríchíosanna agus táillí ceanncheathrún a asbhaint ó na costais SGA cáblaí snáthoptaice ós rud é nach raibh siad nasctha le díolacháin cáblaí snáthoptaice. Thairis sin, níor nasc Grúpa STL na hioncaim sin le costais SGA STL a úsáideadh sa ríomh don chuideachta sin, rud a d'fhéadfaidís a fhritháireamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(34) In éagmais barúlacha eile maidir leis an ngnáthluach a chinneadh, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (62) go (75) den Rialachán sealadach.

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(35) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne an Coimisiún imscrúdú ar an gcuideachta atá comhlachaithe le Grúpa STL, Metallurgica Bresciana, a d'allmhairigh cáblaí snáthoptaice ón India. Mhaígh an Grúpa STL gur úsáid Metallurgica Bresciana hallmhairí sin chun táirgí eile a mhonarú. Mar sin féin, léiríodh san fhíorú ar an láthair nach raibh ach fíorbheagán breisluacha ag baint leis an bhfochuideachta agus, dá bhrí sin, gur athdhíolacháin cáblaí snáthoptaice a allmhairíodh ón India a bhí sna díolacháin sin. Mhínigh Grúpa STL freisin go ndearnadh na ceannacháin sin chun tairiscint díolacháin Metallurgica Bresciana a chomhlánú. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go raibh Metallurgica Bresciana ina mhonaróir cáblaí snáthoptaice, gur ghníomhaigh sé mar allmhaireoir/trádálaí comhlachaithe le haghaidh na n-idirbheart sin. Mar thoradh air sin, mar a thuairiscítear in aithris (80) den Rialachán sealadach i ndáil le hallmhaireoirí/trádálaithe comhlachaithe eile, chuir an Coimisiún Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta sin.

(36) D'athdhearbhaigh Grúpa STL agus Rialtas na hIndia an maíomh a luaitear in aithris (78) den Rialachán sealadach gur cheart don Choimisiún caitheamh leis an gcuideachta chomhlachaithe STL France mar bhrainse a bhainistíonn trádstóras seachas mar allmhaireoir comhlachaithe. Níor cuireadh aon fhianaise bhreise ar fáil ina leith sin.

(37) Dá bhrí sin, is é tuairim an Choimisiúin go fóill gur allmhaireoir comhlachaithe a bhí in STL France go fóill agus, dá bhrí sin, nach mór an praghas onnmhairiúcháin a ríomh de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(38) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa STL gur cheart don Choimisiún cigireacht fhisiciúil ar an láthair a dhéanamh ar STL France agus gur chaill an Coimisiún 'gnéithe amhairc ríthábhachtacha' an eintitis sin a ligfeadh don Choimisiún a thabhairt faoi deara go raibh STL France 'an-chosúil le trádálaí' seachas allmhaireoir. Mhaígh Grúpa STL, i gcás ina measfaí gur trádálaí í an chuideachta, gur cheart brabús 10 % a úsáid bunaithe ar bhrabús 'trádálaithe sa tSín nó i Hong Cong' a úsáidtear faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán in imscrúdú maidir le cáblaí snáthoptaice i gcoinne na Síne. Ina theannta sin, mhaígh Grúpa STL, ós rud é go ndearna an Coimisiún 'iniúchadh' ar Metallurgica Bresciana ag a áitreabh san Iodáil, gur caitheadh le STL France ar bhealach idirdhealaitheach. Sna barúlacha rúnda uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, thagair Grúpa STL de thaispeántán a bailíodh le linn chuairt fíorúcháin ar an láthair STL.

(39) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire gur sholáthair Grúpa STL faisnéis a bhí ag teacht salach ar a chéile maidir le ról STL France. Cé gur mhaígh Grúpa STL ar dtús gur stóras a bhí in STL France, tar éis an nochta deiridh gan aon mhíniú breise, thosaigh sé ag áitiú go mbeadh STL France ina thrádálaí seachas ina allmhaireoir.

(40) Shoiléirigh an Coimisiún, i gcomhthéacs imscrúdú cosanta trádála, nach ndéanann sé cigireachtaí fisiciúla ar áitreabh cuideachtaí ach, mar a luaitear in Airteagal 16 den bhun-Rialachán, go dtugann sé '*cuairteanna chun scrúdú a dhéanamh ar thaifid allmhaireoirí, onnmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, comhlachas agus eagraíochtaí trádála agus chun faisnéis a sholáthraítear maidir le dumpáil agus díobháil a fhíorú*'. Is é sin le rá, tugann sé cuairteanna fíorúcháin ar an láthair chun a fháil amach an bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear sa fhreagra ar an gceistneoir iontaofa, i.e. is é an cuspóir atá le fíorú ar an láthair an freagra ar an gceistneoir a thugtar a réiteach le taifid chuntasaíochta na cuideachta agus leis na doiciméid chuntasaíochta mhionsonraithe atá ar fáil ag áitreabh na gcuideachtaí.

(41) Thug an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar an láthair ar áitreabh Metallurgica Bresciana san Iodáil toisc nárbh fhéidir an fhaisnéis a fhíorú le linn na cuairte fíorúcháin a rinneadh ar áitreabh Grúpa STL san India. Ar an taobh eile, bhí an Coimisiún in ann an fhaisnéis a chuir STL France ar fáil le linn an fhíoraithe ar an láthair ag áitreabh STL a fhíorú toisc go raibh rochtain ar thaifid chuntasaíochta STL France. Thairis sin, sa fhreagra ar an litir easnaimh, luaigh an grúpa STL go raibh córas cuntasaíochta STL France inrochtana san India ach nach raibh rochtain ar leabhair chuntais Metallurgica Bresciana ach amháin sa ghléasra san Iodáil, toisc gur coinníodh a dhoiciméid chuntasaíochta go léir san Iodáil. Ní raibh an dá chuideachta sa chás céanna, rud a thug údar le cineálacha cur chuige éagsúla na foirne imscrúdaithe. Thairis sin, meabhraítear nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ann go ndéantar fíorú ar an láthair. Ina theannta sin, níor mhínigh an chuideachta cad iad na gnéithe amhairc a dhéanfadh idirdhealú idir trádálaí agus allmhaireoir. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh gur cheart don Choimisiún cuairt fíorúcháin ar an láthair a thabhairt ar áitreabh STL France agus gur chaith sé leis an gcuideachta sin ar bhealach idirdhealaitheach.

(42) Maidir leis an maíomh gur cheart STL France a mheas mar thrádálaí, shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil an brabús 20 % a úsáidtear i gcoigeartú STL France bunaithe ar an mbrabús a baineadh amach ar ghníomhaíochtaí trádála (athdhíolacháin) allmhaireoirí cáblaí snáthoptaice a fuarthas san imscrúdú roimhe seo maidir leis an tSín, is é sin, cuideachtaí a dhéanann na cineálacha céanna gníomhaíochtaí le STL France. Dá bhrí sin, murab ionann agus maíomh na cuideachta, is é sin an seachchuideachta is fearr atá ar fáil do STL France. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach léiríonn an taispeántán fíorúcháin ar an láthair ar thagair Grúpa STL dó sa leagan rúnda dá aighneacht nach í an chuideachta an t-allmhaireoir le haghaidh na n-idirbheart ábhartha agus, dá bhrí sin, nach dtacaíonn sí leis an maíomh a rinne Grúpa STL ina leith sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(43) Thairis sin, tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Grúpa STL agus Rialtas na hIndia nach féidir a mheas go bhfuil an corrlach brabúis a úsáideadh chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán (i.e. 20 %) réasúnta. Luadh gurbh í foinse an chorrlaigh brabúis 20 % an t-imscrúdú roimhe seo maidir le cáblaí snáthoptaice in aghaidh na Síne ([7]) agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil an corrlach brabúis sin ionadaíoch ar allmhaireoir cáblaí snáthoptaice ón India.

(44) Bhí an corrlach brabúis 20 % bunaithe ar na ráitis airgeadais fhíoraithe a thuairiscigh allmhaireoir neamhchomhlachaithe le linn an imscrúdaithe roimhe sin maidir leis an tSín. In éagmais comhoibriú ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, toisc go raibh an brabús bunaithe ar idirbhearta iarbhír i margadh na hEorpa, mheas an Coimisiún gur iomchuí agus réasúnta iad sin a úsáid mar shonraí atá ionadaíoch ar dhíolacháin cáblaí snáthoptaice i margadh an Aontais sa chás seo freisin.

(45) Thairis sin, d'áitigh Grúpa STL agus Rialtas na hIndia go raibh an corrlach dumpála a suíodh i gcás na Síne i bhfad níos airde ná an corrlach dumpála a suíodh i gcás Ghrúpa STL san imscrúdú seo, rud a d'fhéadfadh míniú a thabhairt ar an mbrabús ard a bhí ag na hallmhaireoirí i gcás na Síne.

(46) I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ríomhtar corrlach dumpála agus na difríochtaí idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin á gcur san áireamh, agus go suitear an corrlach brabúis trí ioncam iomlán maidir le cáblaí snáthoptaice a chur i gcomparáid leis na costais iomlána (praghsanna ceannaigh móide costais SGA). Dá bhrí sin, an anailís ar na corrlaigh dhumpála agus/nó ar na praghsanna ceannaigh, ní féidir teacht ar aon chonclúid fhóinteach maidir le leibhéal an chorrlaigh brabúis ag allmhaireoir neamhchomhlachaithe bunaithe ar an anailís sin.

(47) Mhol Grúpa STL roinnt roghanna malartacha le haghaidh corrlach brabúis a bheadh réasúnta i gcás allmhaireoir neamhchomhlachaithe: (i) an brabús iarbhír atá ag STL France, (ii) an brabús atá ag a eintiteas comhlachaithe san Iodáil, Metallurgica Bresciana, nó (iii) 5 % bunaithe ar chleachtas an Choimisiúin nuair nach bhfuil aon fhaisnéis eile ar fáil. Ar deireadh, mhaígh Grúpa STL go bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint as na corrlaigh bhrabúis arna dtuairisciú ag cuideachtaí a bhfuil baint acu leis an réimse gníomhaíochta céanna le STL France. Maidir leis sin, chuir Grúpa STL tuarascáil ar fáil ina liostaítear 14 chuideachta, agus iad uile neamhchomhlachaithe le Grúpa STL. Dréachtaíodh an tuarascáil seo d'údaráis chánach na Fraince ar dtús.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 410, 18.11.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/ 2021/2011/oj, aithris 367: 'úsáideadh meán ualaithe bhrabúis na n-allmhaireoirí comhoibritheacha mar chorrlach brabúis réasúnta. Idir 15 % agus 25 % atá an corrlach brabúis sin'.

(48) Mheas an Coimisiún nárbh fhéidir corrlaigh bhrabúis na bpáirtithe neamhchomhlachaithe a úsáid, rud a bheadh contrártha d'fhorálacha Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, toisc go meastar go ndéanann an comhlachas difear dó. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach gcuirtear corrlach brabúis 5 % i bhfeidhm ach amháin in imthosca eisceachtúla (i.e. níl aon fhaisnéis eile ar fáil). Ní hamhlaidh atá sa chás seo, agus léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún go soiléir nach bhfuil corrlach brabúis 5 % iomchuí sa chás seo. Ar deireadh, scrúdaigh an Coimisiún an tuarascáil a chuir Grúpa STL isteach agus chinn sé nach raibh snáithíní optúla ina gcatalóg táirgí ach ag ceithre cinn de na cuideachtaí liostaithe. Ina theannta sin, níl speisialtóireacht ag na cuideachtaí sin i ngnó na gcáblaí snáthoptaice ach is mórdhíoltóirí cáblaí cumhachta copair éagsúla, ábhair leictreacha agus uirlisí tionsclaíocha eile iad. Thairis sin, níor soláthraíodh brabúsacht gach deighleoige ná meáchan gach deighleoige sa láimhdeachas iomlán i ráitis airgeadais na gcuideachtaí sin a bhí ar fáil go poiblí. Ar deireadh, níl aon léiriú ann ar cé acu a tháirg na cuideachtaí sin cáblaí snáthoptaice nó a d'allmhairigh siad cáblaí snáthoptaice lena n-athdhíol i margadh an Aontais. Dá bhrí sin, ba é corrlach brabúis an allmhaireora neamhchomhlachaithe a suíodh in imscrúdú na Síne an rogha mhalartach ab oiriúnaí go fóill toisc gur bhain an brabús le hallmhaireoir neamhchomhlachaithe, gur bhain sé le gnó na gcáblaí snáthoptaice agus gur fíoraíodh é. Ar deireadh, agus go háirithe, fianaise a thabharfadh le fios nach mbeadh corrlach brabúis, a measadh a bheith 'réasúnta' i gcás allmhairí ón tSín, réasúnta i gcás allmhairí ón India, ní chuir aon pháirtí leasmhar a leithéid d'fhianaise ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na roghanna a mhol Grúpa STL.

(49) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Grúpa STL nach féidir coigeartuithe a dhéanamh ach amháin le haghaidh brabúis a bhí 'fabhraithe' agus 'réasúnta'. Dúirt Grúpa STL freisin gur lean sé chomhairle Ernst & Young maidir le rialacha praghsála aistrithe, rud a thug le fios go bhfuil na glanchorrlaigh thipiciúla do Dháileoirí Riosca Teoranta san Eoraip idir 2,7 % agus 9,1 %, agus airmheán 5,1 % de na díolacháin a bhí i gcomhréir le corrlach brabúis STL France. Thairis sin, luaigh Grúpa STL gur bhain an Coimisiún úsáid as corrlach brabúis míréasúnta a sháraigh an méid a bhí 'iomchuí' sa chomhthéacs sin. Luaigh Grúpa STL gur cheart don Choimisiún corrlach brabúis iarbhír STL France a úsáid, nó mar mhalairt air sin, corrlach brabúis iarbhír Metallurgica Bresciana.

(50) Thug an Coimisiún dá aire nár chruthaigh an fíoras go bhfuil corrlach brabúis STL France sa raon céanna le hairmheán roinnt cuideachtaí, nach ndearna an comhlachas idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir difear do chorrlach brabúis STL France. Déanann an comhlachas leis an onnmhaireoir difear do chorrlach brabúis Metallurgica Bresciana freisin agus, dá bhrí sin, ní féidir a chorrlach brabúis a úsáid ina leith sin ach an oiread. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(51) Thairis sin, d'athdhearbhaigh Grúpa STL a mhaíomh a luaitear in aithris (43). Mhaígh sé freisin gurbh í tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdú maidir le cáblaí snáthoptaice roimhe seo i gcoinne na Síne (1 Iúil 2019 go 30 Meitheamh 2020) an tréimhse le linn phaindéim COVID-19 inar thaifead tionscal na gcáblaí snáthoptaice corrlaigh bhrabúis thar a bheith ard mar le linn na dtréimhsí dianghlasála, tháinig moill ar tháirgeadh cáblaí snáthoptaice agus tháinig méadú ar an éileamh mar gheall, *inter alia*, ar an ngá atá le nasc idirlín níos fearr i dtithe daoine chun cianobair agus cianfhoghlaim a chumasú. Dá bhrí sin, mhaígh Grúpa STL nár léirigh an corrlach brabúis a d'úsáid an Coimisiún san imscrúdú sin corrlach a bhaineann allmhaireoirí amach de ghnáth gan na himthosca sonracha a bhíodh ann le linn phaindéim COVID-19. Chuir Grúpa STL roinnt samplaí d'imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ar fáil freisin inar chinn an Coimisiún nach raibh sonraí áirithe ionadaíoch ná iontaofa ar bhealach eile nuair a rinne na himthosca urghnácha a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 difear dó.

(52) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh tionchar ach go páirteach ag paindéim Covid-19 ar thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdú maidir le cáblaí snáthoptaice roimhe seo i gcoinne na Síne (1 Iúil 2019 go 30 Meitheamh 2020). Thairis sin, san imscrúdú maidir le cáblaí snáthoptaice roimhe seo in aghaidh na Síne, rinne an Coimisiún measúnú ar leas na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara. San imscrúdú sin, chinn an Coimisiún 'nár mhaígh aon cheann de na hallmhaireoirí go mbeadh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar a ngníomhaíocht ghnó. Shonraigh allmhaireoir amháin go raibh moilliú áirithe ann i mí an Mhárta 2020 mar gheall ar an dianghlasáil ach chuir sé i dtábhacht toisc go raibh tábhacht tionscadail snáithín optúil chomh fada leis an mbaile méadaithe ag an ngéarchéim seo' ([8]) gur 'mhaígh allmhaireoirí freisin go bhfuil conarthaí soláthair fadtéarmacha acu lena gcustaiméirí ina gcomhaontaítear praghsanna seasta don téarma iomlán 2-4 bliana agus nach bhfuil aon chlásal coigeartaithe praghais ann le haghaidh méaduithe gan choinne ar a bpraghsanna ceannaigh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí na costais mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Thairis sin, d'áitigh allmhaireoirí nach bhfuil siad in ann tairiscint a dhéanamh i dtairiscintí a fhógraítear le linn an imscrúdaithe reatha toisc nach bhfuil a fhios acu cén praghas a íocfaidh siad as cáblaí snáthoptaice i gcás ina bhforchuirtear bearta' ([9]). Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise gur bhain tionscal na gcáblaí snáthoptaice brabúis thar a bheith ard amach mar gheall ar phaindéim COVID-19. Níor thíolaic an Grúpa STL aon fhianaise nithiúil ina leith sin, fianaise a bhí contrártha do chonclúidí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([8]) Ibid, aithris (579)
([9]) Ibid, aithris (583).

(53) In éagmais aon bharúil eile i ndáil leis an bpraghas onnmhairiúcháin a chinneadh, deimhníonn an Coimisiún leis seo a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (76) go (81) den Rialachán sealadach.

3.3. **Comparáid**

(54) In éagmais aon bharúil maidir leis an ngnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid le chéile, deimhnítear leis seo na torthaí a leagtar amach in aithrisí (82) go (88) den Rialachán sealadach.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(55) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Grúpa	Corrlach dumpála
Grúpa MP Birla	6,9 %
Grúpa STL	11,4 %
Grúpa HFCL	0 %
Cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte	9,0 %
Corrlach iarmharach	11,4 %

(56) Fuarthas nach raibh Grúpa HFCL ag dumpáil agus dá bhrí sin tá a onnmhairí eisiata ó na bearta.

(57) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Aberdare agus APAR freisin gur cheart don Choimisiún a bheith níos trédhearcaí maidir le ríomh an chorrlaigh frithdhumpála le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte.

(58) Shoiléirigh an Coimisiún gur suíodh an corrlach frithdhumpála le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha eile bunaithe ar na méideanna dumpála agus ar na luachanna CAL a suíodh le haghaidh ghrúpa Birla agus ghrúpa STL, mar a leagtar síos in Airteagal 9(6) den bhun-Rialachán.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Aonad tomhais**

(59) In éagmais aon bharúil maidir leis an aonad tomhais a chinneadh, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid a leagtar amach in aithrisí (96) den Rialachán sealadach.

4.2. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(60) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (97) agus (98) den Rialachán sealadach.

4.3. **Úsáid faoi chuing**

(61) In éagmais aon bharúil i ndáil le húsáid faoi chuing, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí a leagtar amach in aithrisí (99) go (104) den Rialachán sealadach.

4.4. **Tomhaltas an Aontais**

(62) In éagmais aon bharúil i ndáil le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí a leagtar amach in aithrisí (105) go (110) den Rialachán sealadach.

4.5. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.5.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(63) Mar a luaitear thuas in aithris (19), luaigh an gearánach arís nár dearbhaíodh na méideanna allmhairí ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia go mícheart bunaithe ar bhreithiúnas Bhinse Achomhairc na hIndia mar a thuairiscítear freisin in aithris (112) den Rialachán sealadach, agus chuir sé in iúl, cé nach bhfuil aon tionchar ag an mbreithiúnas sin ar léirmhíniú dhlí custaim an Aontais ná ar a chur i bhfeidhm, d'áitigh sé ar an gCoimisiún treoir a thabhairt d'údaráis chustaim náisiúnta maidir leis an riosca go rachfaí timpeall ar na bearta frithdhumpála sa chás seo.

(64) Thug an Coimisiún an bharúil sin dá aire agus gníomhóidh sé chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar bearta i gceart, mar is iomchuí.

(65) In éagmais aon bharúil eile i ndáil le hallmhairí ón tír lena mbaineann, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí a leagtar amach in aithrisí (111) go (118) den Rialachán sealadach.

4.5.2. *Praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghsanna agus sochtadh praghsanna*

(66) In éagmais aon bharúil maidir le praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (119) go (125) den Rialachán sealadach.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(67) In éagmais aon bharúil maidir leis na barúlacha ginearálta, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (126) go (129) den Rialachán sealadach.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

(68) Tar éis an nochta shealadaigh, thug Rialtas na hIndia dá aire gur tháinig méadú ar mhéid díolachán, ar mhéid táirgeachta agus ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin d'ainneoin laghdú ar éileamh an tsaormhargaidh agus gur léirigh an toradh ar infheistíocht treocht dhearfach ó 2022 i leith freisin.

(69) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Grúpa Birla na maímh a rinne Rialtas na hIndia agus d'áitigh sé gur léirigh na táscairí maicreacnamaíocha uile forbairt dhearfach a léireodh nár bhain aon díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Thug an t-onnmhaireoir sin dá aire freisin gurb é cinneadh thionscal an Aontais an acmhainneacht a mhéadú agus an táirgeacht a laghdú an tráth céanna is cúis le forbairt na húsáide acmhainneachta a bhfuil tuairisc uirthi in aithris (133) den Rialachán sealadach.

(70) Thug Grúpa Birla dá aire freisin gur tháinig méadú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, d'ainneoin an laghdaithe bhig ar thomhaltas an Aontais. Chuir an t-onnmhaireoir in iúl go raibh allmhairí ón India cobhsaí le linn na tréimhse céanna agus gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais.

(71) Níor chuir an Coimisiún ina choinne gur léirigh táscairí díobhála áirithe treocht dhearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a leagtar amach freisin in aithris (169) den Rialachán sealadach. Shuigh an Coimisiún, áfach, gur léirigh praghsanna díolacháin thionscal an Aontais treocht laghdaitheach agus go raibh méadú mór ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na hIndia, rud a rinne sladghearradh suntasach ar phraghsanna díolacháin thionscal an Aontais, agus a bhí ina chúis le sochtadh praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é an brú praghsanna sin ba chúis le laghdú suntasach ar bhrabúsacht agus ar shreabhadh airgid thionscal an Aontais agus bhí leibhéil an-íseal infheistíochtaí mar thoradh air. Ina mbarúlacha, thug Rialtas na hIndia agus Grúpa Birla neamhaird ar na fíorais sin agus ar thorthaí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh nach ndearnadh aon díobháil ábhartha, bunaithe ar fhorbairt táscairí maicreacnamaíocha amháin, toisc nach gcuirtear san áireamh ann forbairt na dtáscairí díobhála atá fágtha agus déantar neamhaird de chonclúid fhoriomlán an Choimisiúin.

(72) In éagmais barúlacha eile maidir le táscairí maicreacnamaíocha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (130) go (144) den Rialachán sealadach.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

(73) In éagmais aon bharúil maidir le táscairí micreacnamaíocha, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (145) go (168) den Rialachán sealadach.

4.6.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(74) D'aontaigh an gearánach leis na torthaí maidir leis an méadú ar allmhairí dumpáilte mar a thuairiscítear in aithris (117) den Rialachán sealadach agus a dtionchar ar na táscairí díobhála amhail sreabhadh airgid, toradh ar infheistíocht agus brabúsacht.

(75) In éagmais aon bharúil eile maidir leis an gconclúid ar an díobháil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (169) go (170) den Rialachán sealadach.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(76) Mhaígh dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte, i.e. Aberdare Technologies Private Limited agus APAR Industries Limited, i bhfianaise a méideanna ísle allmhairí i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon, agus i bhfianaise a leibhéal praghsanna onnmhairiúcháin, nach bhféadfadh siad aon díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, d'iarr siad nár cheart aon dleacht a fhorchur orthu.

(77) Mar a mhínítear in aithris (14), measadh go raibh sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ionadaíoch. Bhí an anailís ar chúisíocht bunaithe ar iomlán allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann ón India agus gan a bheith teoranta do tháirgeoirí onnmhairiúcháin aonair mar a cheanglaítear le hAirteagal 3 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(78) In éagmais aon bharúil maidir le héifeacht na n-allmhairí dumpáilte, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (172) go (181) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

(79) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Rialtas na hIndia go ndearna allmhairí ón tSín difear do staid thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é gur forchuireadh dleachtanna frith-ionsúcháin ar allmhairí ón tSín díreach roimh dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin. D'áitigh Rialtas na hIndia gur tháinig méadú orthu in ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm i gcoinne allmhairí ón tSín agus gur fhan allmhairí ón India sa raon céanna ó bhí 2022 ann; agus bhí na praghsanna allmhairiúcháin ón tSín faoi bhun na bpraghsanna allmhairiúcháin ón India.

(80) Rinne an Coimisiún tagairt sa chomhthéacs sin don chonclúid in aithris (187) den Rialachán sealadach, ar dá réir a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag allmhairí ón tSín ar staid thionscal an Aontais, ach níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Léiríodh an méid sin leis an bhfíric gur léirigh allmhairí na Síne treocht laghdaitheach maidir le méid agus treocht mhéadaitheach praghsanna tar éis chonclúid an imscrúdaithe ionsúcháin, lenar dúblaíodh go héifeachtach na dleachtanna frithdhumpála a ríomhadh roimhe sin ([10]), le meánphraghsanna os cionn mheánphraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón India ([11]). Ós rud é nár cuireadh aon fhianaise bhreise ar fáil, diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 199, 9.8.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1617/oj).

([11]) Aithris (187) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1943 ón gCoimisiún.

(81) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Rialtas na hIndia freisin gurbh é méadú ar a infheistíochtaí ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais d'ainneoin an mhargaidh atá ag meath agus na gcostas fuinnimh atá ag ardú mar gheall ar chogadh na hÚcráine-na Rúise le linn na tréimhse céanna.

(82) Maidir le leibhéal na n-infheistíochtaí, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (156) agus (201) den Rialachán sealadach, ar dá réir a d'fhan na hinfheistíochtaí ar leibhéal íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú d'ainneoin an mhéadaithe ar an tréimhse imscrúdaithe, rud nach féidir a mheas mar chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. A mhéid a bhaineann leis an méadú ar na costais fuinnimh a cuireadh i leith chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid a leagtar amach in aithris (147) den Rialachán sealadach, gur méaduithe ar chostas amhábhar i gcomhréir le forbairtí boilscitheacha ba chúis leis an méadú ar chostas an táirgthe den chuid is mó agus gurbh é an brú praghsanna de bharr allmhairí dumpáilte ón India nár lig do tháirgeoirí an Aontais aon mhéadú ar chostais a aisghabháil. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin in aithris (199) den Rialachán sealadach nach féidir an méadú ar chostais amhábhar agus fuinnimh a mheas mar chúis leis an díobháil mura féidir na méaduithe sin ar chostais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí mar gheall ar bhrú praghsanna ó allmhairí dumpáilte. Agus é á chur san áireamh nár soláthraíodh aon fhianaise bhreise, diúltaíodh do na barúlacha sin.

(83) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Grúpa Birla maímh Rialtas na hIndia maidir le héifeachtaí allmhairí na Síne ar staid thionscal an Aontais. D'áitigh siad go raibh measúnú díobhála an Choimisiúin bunaithe ar neamhábaltacht tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a ardú, agus gurbh iad praghsanna laghdaitheacha na n-allmhairí ón tSín a chuir cosc ar thionscal an Aontais a mbrabúis a mhéadú. Chuir Grúpa Birla in iúl freisin go raibh méid na n-allmhairí ón tSín trí go ceithre huaire níos airde ná méid na n-allmhairí ón India agus mhaígh sé, dá bhrí sin, go raibh allmhairí na Síne in ann brú i bhfad níos airde a chur ar phraghsanna ná allmhairí na hIndia. Tháinig Grúpa Birla ar an gconclúid, ós rud é go raibh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na hIndia faoi bhun an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais, nach bhféadfaidís a bheith freagrach as an gcaoi nach bhféadfadh tionscal an Aontais a phraghsanna a ardú. Thairis sin, mhaígh an t-onnmhaireoir gur tháinig laghdú beag ar phraghsanna allmhairiúcháin na hIndia idir 2021 agus 2022 agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh tionchar tobann a bheith acu ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais.

(84) Mhaígh an t-onnmhaireoir gur cheart don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar mhéid na díobhála ba cheart a chur i leith fachtóirí aitheanta eile, mar shampla, allmhairí Síneacha.

(85) Ar deireadh, mhaígh Birla Group, agus tagairt á déanamh aige don Bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta *Gul Ahmed Textile Mills v an Chomhairle* ([12]), ós rud é go raibh forluí idir tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe frithionsúcháin agus tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe sin, go ndéantar an measúnú ar thionchar na n-allmhairí ón India agus an anailís sannta iomlán a shaobhadh. Dá thoradh sin, d'iarr siad ar an gCoimisiún a anailís ar éifeachtaí na n-allmhairí ón India ar staid thionscal an Aontais a bhunú ar an tréimhse is déanaí fiú tar éis IP an imscrúdaithe sin, toisc nach ndéanfadh allmhairí na Síne difear dó.

(86) D'athdhearbhaigh an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (172) agus (173) den Rialachán sealadach, inar thug sé dá aire gur tharla meathlú staid thionscal an Aontais i gcomhthráth leis an méadú tapa ar allmhairí dumpáilte ón India a raibh corrlaigh shladghearrtha shuntasacha acu, rud ba chúis le sochtadh praghsanna. Cé gur tháinig méadú faoi thrí nach mór ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí dumpáilte na hIndia, bhí an méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse céanna i bhfad níos lú. Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid gur thairbhigh na hallmhairí dumpáilte ón India den laghdú ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh comhtharlú ama ann idir an méadú ar na hallmhairí dumpáilte ón India agus an meath ar staid thionscal an Aontais, go háirithe ní raibh tionscal an Aontais in ann sciar den mhargadh a aisghabháil agus leibhéil inbhuanaithe brabúis a bhaint amach, mar a thángthas ar an gconclúid sin in aithris (179) den Rialachán sealadach. Níor chuir Grúpa Birla aon fhianaise ar fáil a thabharfadh amhras ar na conclúidí seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([12]) Breithiúnas an 15 Nollaig 2019, *Gul Ahmed Textile Mills v an Chomhairle*, T-199/04 RENV, ECLI:EU:T:2016:740, mír 179, ina dtagraítear do na Comhphobail Eorpacha Dleachtanna Frithdhumpála ar Fheadáin Iarainn Teilgthe Intuargainte nó Feistis Phíobáin ón mBrasaíl (*CE Feistis Feadáin nó Feistis Phíobáin*), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, WT/DS 219/AB/R (dar dáta an 22 Meitheamh 2003), míreanna 190 agus 191.

(87) Maidir leis an iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún meastachán ar an méid díobhála a rinneadh de bharr tosca aitheanta eile, mar shampla, allmhairí ón tSín, tugann an Coimisiún dá aire gur chomhlíon sé ceanglais an bhun-Rialacháin agus go ndearna sé measúnú ar gach cúis díobhála eile ar leithligh agus le chéile agus tháinig sé ar an gconclúid, fiú in éineacht le chéile, nach raibh siad in ann an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú. Tugtar faoi deara freisin go raibh corrlaigh díobhála bunaithe ar an gcomparáid idir spriocphraghsanna thionscal an Aontais agus praghsanna iarbhír na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Dá réir sin, calabraíodh na corrlaigh sin d'iompraíocht phraghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na hIndia.

(88) Mheabhraigh an Coimisiún a thorthaí in aithris (204) den Rialachán sealadach, ina ndearna an Coimisiún anailís mhionsonraithe ar bhonn aonair ar éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta eile uile ar thionscal an Aontais. Léiríodh san anailís, cé nárbh fhéidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé gur chuir na hallmhairí dumpáilte ón tSín, na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India, agus na hallmhairí ón Tuirc leis an díobháil ábhartha, níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Níor chuir Grúpa Birla aon fhianaise ar fáil chun tacú lena maíomh agus diúltaíodh dó dá bhrí sin. Thairis sin, mar a luaitear in aithris (87), calabraíodh na corrlaigh dhíobhála a suíodh sa chás seo go beacht d'iompraíocht phraghsála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia.

(89) Maidir leis an mBreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta *Gul Ahmed Textile Mills v an Chomhairle*, ní aontaíonn an Coimisiún go ndearnadh a mheasúnú díobhála a shaobhadh. Ar an gcéad dul síos, ní raibh tréimhsí imscrúdúcháin forluiteacha ag an imscrúdú reatha ná ag an imscrúdú frith-ionsúcháin in aghaidh na Síne mar a mhaígh Grúpa Birla go mícheart: le tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus ba é an 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 tréimhse imscrúdúcháin an fhrith-ionsúcháin ([13]). Níos tábhachtaí fós, mar a mhínítear in aithris (203) den Rialachán sealadach, is léir ó na treochtaí a breathnaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig laghdú comhsheasmhach ar allmhairí dumpáilte ón tSín, go raibh staid thionscal an Aontais ag dul in olcas go háirithe, go háirithe a bhrabúsacht. Thug Grúpa Birla neamhaird ar na treochtaí sin agus bhí sé ag brath go hiomlán ar an bhfíoras go raibh imscrúdú frith-ionsúcháin i gcoinne na Síne chun tacú lena maíomh agus, dá bhrí sin, níor léirigh sé go raibh an measúnú reatha saofa. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin freisin.

(90) In éagmais aon bharúil eile maidir le héifeacht na dtosca eile, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (182) go (202) den Rialachán sealadach.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(91) In éagmais aon bharúil eile maidir le cúisíocht a d'athródh measúnú an Choimisiúin, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí sa Rialachán sealadach agus go háirithe na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (203) go (205) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach díobhála**

(92) Mar a mhínítear i roinn 3.2, tar éis na mbeart sealadach, chuir an Coimisiún athdhíolacháin áirithe den eintiteas a bhaineann le STL san Iodáil, Metallurgica Bresciana, san áireamh agus an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh ghrúpa STL á ríomh. Tar éis na hathdhíolacháin sin a áireamh, athraíodh an corrlach díobhála sealadach le haghaidh ghrúpa STL ó 41,2 % go 42,3 %.

(93) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, agus de bharr nár chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn thréimhse an nochta, rinne sé anailís ar fhorbairt na méideanna allmhairí chun a shuí ar tháinig méadú substaintiúil eile ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse an réamhnochta a dtugtar tuairisc air in aithris (3) agus, dá bhrí sin, lena léirítear an díobháil bhreise mar thoradh ar mhéadú den sórt sin nuair a bhí an corrlach díobhála á chinneadh.

([13]) Aithris (19) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617.

(94) Bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí Surveillance 3 ([14]), bhí na méideanna allmhairí ón India le linn na 4 seachtaine den réamhnochtadh 56 % ní b'airde ná na meánmhéideanna allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn 4 seachtaine agus 89 % ní b'airde ná an tréimhse 4 seachtaine chéanna laistigh den tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ardú substaintiúil ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

(95) Chun léiriú a thabhairt ar an díobháil bhreise a tharla mar gheall ar an méadú ar allmhairí, chinn an Coimisiún an leibhéal díothaithe díobhála a choigeartú bunaithe ar an ardú ar mhéid na n-allmhairí, rud a bhreithnítear mar an toisc ualaithe ábhartha bunaithe ar fhorálacha Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán. Ríomh sé dá bhrí sin toisc iolrúcháin a suíodh trí shuim mhéid na n-allmhairí le linn na 4 seachtaine den tréimhse réamhnochta (12 374 ciliméadar cábla) agus an 52 sheachtain den tréimhse imscrúdúcháin (103 091 ciliméadar cábla), a roinnt ar mhéid na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin arna n-eachtarshuí go 56 sheachtain (111 021 ciliméadar cábla). Léiríonn an figiúr sin, 1,04, an díobháil bhreise a tharla de bharr an mhéadaithe breise ar allmhairí. Dá bhrí sin, iolraíodh na corrlaigh dhíobhála shealadacha faoin toisc sin.

(96) Mar a fhoráiltear in Airteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, beidh feidhm ag méadú den sórt sin ar an gcorrlach díobhála ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 11(2), is é sin 5 bliana.

(97) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa Birla nach raibh an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun an corrlach díobhála a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán toisc gur cheart an measúnú a bhunú ar phraghsanna seachas ar mhéid na n-allmhairí. Mhaígh an t-onnmhaireoir sin gur cheart don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar aon díobháil bhreise de thoradh an mhéadaithe ar allmhairí ar dtús agus nár cheart dó í a chur leis an gcorrlach díobhála ach ina dhiaidh sin, seachas le modheolaíocht an Choimisiúin a úsáideadh, i.e. chun an méadú ar allmhairí a mheas agus ansin í a chur leis an gcorrlach díobhála.

(98) Tá nasc soiléir idir an anailís ar an díobháil bhreise a thuairiscítear in Airteagal 9(4) agus méid na n-allmhairí, toisc go dtagraíonn sí do 'ardú suntasach breise ar allmhairí atá faoi réir an imscrúdaithe'. Sonraítear san airteagal céanna freisin go ndéantar an measúnú i gcás 'ina dtarlaíonn ardú suntasach breise ar allmhairí atá faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse an réamhnochta' agus go léireofar díobháil bhreise ó mhéadú den sórt sin agus an corrlach díobhála á shuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(99) Mhaígh Grúpa STL gur léirigh na corrlaigh dumpála agus na corrlaigh dhíobhála shealadacha go raibh rud éigin cearr le ríomh chorrlach dumpála Ghrúpa STL ar na cúiseanna seo a leanas: (i) cé go raibh praghsanna onnmhairiúcháin Ghrúpa STL i bhfad níos airde, agus tuairiscítear go bhfuil praghsanna onnmhairiúcháin os cionn 45 % níos airde ná roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin eile (léiríonn corrlach díobhála níos ísle praghas onnmhairiúcháin níos airde, ar ndóigh); agus (ii) cé gurbh é Grúpa STL an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin lán-chomhtháite san India, agus an táirge faoi imscrúdú á mhonarú aige ó tháirgeadh gloine réamhfhoirmithe, agus ar an gcaoi sin an táirgeoir is costéifeachtaí, ba é an toradh a bhí air fós go bhfuair Grúpa STL an corrlach dumpála ab airde. Thairis sin, mhaígh Grúpa STL nach féidir an toradh sin a fháil go matamaiticiúil mura raibh praghsanna díolacháin intíre Ghrúpa STL níos mó ná 45 % níos airde ná praghsanna roinnt táirgeoirí eile, ach is cinnte nach amhlaidh a bhí ós rud é go raibh praghsanna intíre na dtáirgeoirí uile de chuid na hIndia i margadh intíre na hIndia cosúil le chéile, sin nó, ar a laghad, bíonn siad ag luainiú laistigh de raon atá i bhfad níos cúinge ná 45 %. Dá bhrí sin, an paradacsa sin go bhfuil na praghsanna onnmhairiúcháin is airde agus an corrlach dumpála is airde araon ag STL, léiríonn sé sin gur chruthaigh coigeartuithe an Choimisiúin ar an bpraghas onnmhairiúcháin agus ar chostais Ghrúpa STL staid atá dochosanta ó thaobh an dlí de agus atá dodhéanta go matamaiticiúil.

(100) An corrlach dumpála a shuí, mheas an Coimisiún go bhfuil sé sin bunaithe ar roinnt tosca, amhail struchtúr táirgthe/díolacháin an ghrúpa/na cuideachta, leibhéal na bpraghsanna intíre de réir an chineáil táirge, struchtúr na gcostas de réir an chineáil táirge, líon na gcineálacha táirgí a tháirgtear agus a dhíoltar i margaí éagsúla, méid na ndíolachán sin sna margaí sin, toradh an ghnáthchúrsa trádála agus cineál na speansas. Go háirithe, níor thug Grúpa STL agóid éifeachtach in aghaidh aon cheann de na tosca sin ar bhealach réasúnaithe. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin freisin i bhfianaise na dtosca sin agus é á chur i gcomparáid leis an ngnáthluach d'fhonn an corrlach dumpála a shainiú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh corrlach dumpála agus leibhéal praghsanna onnmhairiúcháin táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte éagsúla a bheith mar thoradh ar pharaiméadair an-éagsúil agus níor cheart aon chonclúid dhíreach a bhaint as an dá fhachtóir sin gan paraiméadair éagsúla den sórt sin a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([14]) Déanann córas Faireachais an Aontais faireachán ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí sonracha isteach i margadh aonair an Aontais/ó mhargadh aonair an Aontais i dtéarmaí méideanna agus/nó luacha.

(101) In éagmais aon bharúil eile maidir leis na torthaí eile a leagtar amach in aithrisí (207) go (220) den Rialachán sealadach, deimhnítear leis seo iad.

(102) Mar a thuairiscítear in aithrisí (92) go (96), rinne an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála a choigeartú. Dá bhrí sin, is mar a leanas atá an leibhéal díothaithe díobhála deiridh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus le haghaidh gach cuideachta eile:

Cuideachta	Corrlach díobhála cinntitheach (%)
Grúpa MP Birla	90,2
Grúpa Sterlite Technologies Limited	44,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile	65,6
Gach cuideachta eile	90,2

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas thionscal an Aontais

(103) In éagmais aon bharúil maidir le leas thionscal an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (223) go (226) den Rialachán sealadach.

7.2. Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(104) In éagmais barúlacha maidir le leas na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (227) go (229) den Rialachán sealadach.

7.3. Leas úsáideoirí, suiteálaithe agus dáileoirí

(105) Tar éis réamhnochtadh na mbeart sealadach, tháinig úsáideoir breise cáblaí snáthoptaice atá gníomhach sa tionscal teileachumarsáide chun cinn trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoir na n-úsáideoirí. Cuireadh an freagra sin isteach tamall maith i ndiaidh an sprioc-ama is gá agus níorbh fhéidir é a fhíorú. Mar sin féin, níor allmhairigh an t-úsáideoir sin cáblaí snáthoptaice ón India agus níor chuir sé in iúl gur thacaigh sé leis na bearta ná go raibh sé ina gcoinne. In aon chás, ní raibh aon argóint ná faisnéis bhreise ina fhreagra maidir le gnéithe leas an Aontais, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chonclúidí an Choimisiúin maidir le leas na n-úsáideoirí.

(106) Dá bhrí sin, ní athraíonn an Coimisiún a chonclúid nár nocht an t-imscrúdú aon fhaisnéis a léiríonn go mbeadh tionchar diúltach díréireach ag na bearta frithdhumpála ar úsáideoirí.

(107) In éagmais aon bharúil eile maidir leis sin, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (230) go (233) den Rialachán sealadach.

7.4. Soláthar ar mhargadh an Aontais

(108) In éagmais barúlacha maidir le soláthar i margadh an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (234) go (235) den Rialachán sealadach.

7.5. Staid iomaíoch ar mhargadh an Aontais

(109) In éagmais aon bharúil maidir leis an suíomh iomaíoch i margadh an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (236) go (239) den Rialachán sealadach.

7.6. Tosca eile

(110) In éagmais aon bharúil i ndáil le tosca eile, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithris (240) den Rialachán sealadach.

7.7. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(111) In éagmais aon bharúil eile i ndáil leis an gconclúid maidir le leas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (241) go (243) den Rialachán sealadach.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(112) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(113) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Grúpa MP Birla	6,9	90,1	6,9
Grúpa Sterlite Technologies Limited	11,4	42,8	11,4
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,0	65,5	9,0
Gach cuideachta eile	11,4	90,1	11,4

(114) Mar a tugadh faoi deara in aithris (56), fuarthas nach raibh Grúpa HFCL ag dumpáil agus dá bhrí sin tá a onnmhairí eisiata ó na bearta.

(115) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a chonacthas le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin a bhí faoi réir an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis ‘na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia’.

(116) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([15]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([15]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G,. Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

(117) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia'.

(118) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an dleachtráta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(119) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, is féidir imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(120) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, an dleacht frithdhumpála le haghaidh na n-allmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia, ba cheart feidhm a bheith aige ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(121) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

(122) Is minic a shloinntear staitisticí maidir le cáblaí snáthoptaice i dtéarmaí ciliméadair chábla. Níl aon aonad forlíontach den sórt sin ann áfach le haghaidh cáblaí snáthoptaice a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([16]). Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh gur gá méid na gciliméadar cábla le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta, chomh maith leis an meáchan in kg nó tonaí. Ba cheart an méid ciliméadair chábla a léiriú le haghaidh chóid AC agus TARIC.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(123) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

([16]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(124) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(125) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice aonmhóid, atá comhdhéanta de shnáithín amháin nó níos mó i dtruaill aonair, ar a bhfuil cásáil chosanta, bíodh seoltóirí leictreacha iontu nó ná bíodh, bíodh nascóirí iontu nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8544 70 00 (cóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91) agus ar de thionscnamh na hIndia iad.

Eisiatar na táirgí seo a leanas:

— cáblaí faoi bhun 500 méadar ar fad ina bhfuil na snáithíní optúla uile feistithe ina n-aonar le nascóirí oibriúcháin ag ceann amháin nó ag an dá cheann; agus

— cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí, atá inslithe le plaisteach, ina bhfuil seoltóir copair nó alúmanaim, ina bhfuil snáithíní i modúl miotail/modúil mhiotail.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd	6,9 %	89CF
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	11,4 %	89CG
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	9,0 %	
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia	11,4 %	C999

3. Níl feidhm ag dleachtanna frithdhumpála maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Indiach Grúpa HFCL, ina bhfuil HFCL Limited agus HTL Limited (cód breise TARIC 89CH).

4. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar le hainm agus le feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i/in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtíolactar an sonrasc seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia.

([17]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

5. I gcás ina dtíolacfar dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i leith an táirge dá dtagraítear i mír 1, beag beann ar a thionscnamh, iontrálfar ciliméadair chábla na dtáirgí allmhairithe i réimse ábhartha an dearbhaithe sin, ar choinníoll go bhfuil an tásc sin comhoiriúnach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar bhonn míosúil, líon na gciliméadar cábla arna allmhairiú faoi chód AC ex 8544 70 00 (cóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91).

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna a fuarthas trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1943 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ón India a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí 30 Meán Fómhair 2023);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte de chuid na hIndia

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An India	Aberdare Technologies Private Limited	89CI
An India	Aksh Optifibre Limited	89CJ
An India	Apar Industries Limited	89CK
An India	Finolex Cables Limited	89IC
An India	Polycab India Limited	89CL
An India	UM Cables Limited	89CM
An India	ZTT India Private Limited	89CN